C/2025/6790

23.12.2025

Fógra atá le tabhairt ar aird na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2024/1484 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/2637 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2024/1485 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2638 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúis

(C/2025/6790)

Na daoine a luaitear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/1484 ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/2637 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1485 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2638 ón gComhairle ([4]), a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúis, dírítear a n-aird ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Ceanglaítear le hAirteagal 13(2) de Rialachán (AE) 2024/1485 nach mór do na daoine sin tuairisc a thabhairt, laistigh de 6 seachtaine ó dháta an liostaithe in Iarscríbhinn IV, faoi na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha laistigh de dhlínse Bhallstáit ar leo iad nó atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú, chuig údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin suite. Ní mór dóibh oibriú i gcomhar leis an údarás inniúil maidir le fíorú na faisnéise sin. Aon mhainneachtain na hoibleagáidí sin a urramú, measfar gur teacht timpeall ar na bearta maidir le reo sócmhainní agus acmhainní eacnamaíocha atá ann.

Ní mór an fhaisnéis atá le tuairisciú a sheoladh chuig údarás inniúil an Bhallstáit ábhartha, trína shuíomh gréasáin mar a shonraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1485.

([1]) IO L, 2024/1484, 27.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1484/oj.
([2]) IO L, 2025/2637, 22.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2637/oj.
([3]) IO L, 2024/1485, 27.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1485/oj.
([4]) IO L, 2025/2638, 22.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2638/oj.